An Roinn Airgeadais
Department of Finance

Statement of Strategy
2023-2025

Department of Finance
Statement of Strategy 2023-2025

Message from the Minister

In recent years, Ireland has experienced a series of economic shocks: the departure of the United Kingdom from the European Union, a two-year pandemic and a war on European soil triggering the most severe energy price shock in decades.

The fall-out from these events has led to significant geopolitical upheaval, put pressure on household incomes and placed many businesses under severe strain.

My Department has played a leading role in the public policy response to these challenges, contributing to the design and implementation of measures to mitigate the impact on the economy and people's standard of living. In Budget 2023, and through the package announced earlier this year, we took timely and targeted measures to provide much needed assistance to households and businesses.

The expenditure rule adopted in 2021 anchors the growth rate of net expenditure to the trend growth rate of the economy, allowing for steady improvements in public services while, at the same time, keeping the debt-income ratio on a downward trajectory. For Budget 2024, the appropriate fiscal policy will be considered as part of the Summer Economic Statement.

Public debt increased significantly during the pandemic as the resources of the State were deployed to insulate the country from the unprecedented circumstances in which we found ourselves. A key priority now is to rebuild our fiscal buffers, ensuring that we are in the strongest possible position to face the fiscal challenges of the future, such as pension needs and climate change. In this regard, we have already transferred €6 billion to the *National Reserve Fund* and recently published a discussion paper *Future-proofing the Public Finances – the Next Steps*. I will bring further proposals to Government on this matter in the period ahead.

The EU's fiscal rules were temporarily suspended over the last three years. In April, the European Commission published proposals to strengthen and promote sustainable and inclusive growth. Ireland welcomes this development and will continue to engage positively with the process to ensure all Member States implement stability oriented budgetary policies and so do not jeopardise the single currency.

We are in a period which is likely to be pivotal for international taxation policy. Once the OECD Agreement is finalised, focus will shift towards legislating for and implementation of these new rules. The EU Minimum Tax Directive has now been agreed politically and I will bring forward legislation to deliver these new rules in the autumn Finance Bill.

Across Government, we have detailed plans to tackle the housing, health and climate challenges which Ireland faces. Delivery on these priorities requires a whole of Government response and the Department of Finance *Statement of Strategy 2023-2025* sets out the framework for how we will contribute to achievement of these policy objectives and other key missions.

I look forward to continuing to work with the Minister of State Jennifer Carroll MacNeill, my Department officials under the guidance of Secretary General John Hogan and a wide range of stakeholders in advancing our country's social and economic progress in the years ahead.

Michael McGrath, T.D.
Minister for Finance

Foreword by Secretary General

The mission of the Department of Finance is to lead in the achievement of the Government's economic, fiscal and financial policy goals, having regard to the goals set out in the *Programme for Government - Our Shared Future.*

This *Statement of Strategy 2023-2025* sets the framework within which the Department will advise, design and implement Government policies to support economic advancement and to ensure fiscal sustainability in the years ahead.

The experience of the last few years has shown how, in a globalised economy, shocks can be transmitted rapidly across countries. This puts a premium on the need to be agile – the need to advise and to calibrate policies on behalf of Government in a rapid manner, often with imperfect information. I believe we in the Department have stepped up, meeting this challenge head-on during the pandemic and more recently grappling with the impacts of war in Europe and its impact on energy prices.

But it is also true that rapid change is likely to continue:

- geopolitical tensions have clearly increased, with spillovers to the global economy;
- the planet is warming and irreversible scientific change is certain unless we adapt our economic structures;
- countries are working together to change the way multinational corporations are taxed;
- policy changes mean that borrowing costs are at their highest in almost a decade

Against this backdrop, it is quite likely that, at the end of this Strategy horizon, our economy could be very different than now. I and my colleagues in the Department will continue to work within the whole-of-Government structures to help navigate the economy through these potentially turbulent years. We will continue to highlight the importance of boosting supply – of housing, publically-provided healthcare, public infrastructure – in a fiscally-sustainable manner, in order to best-position our economy to meet these and other challenges. At the same time, we will continue to work with our colleagues in the European Union and elsewhere to promote multilateralism, and play our part in promoting Ireland's economic, fiscal and financial interests.

In 2022, the Department established a new division specifically to consider some of the long-term issues facing the Irish economy. The health of the economy is dependent on a range of factors, only some of which are within the scope of Irish policy makers. A better understanding of these issues will assist in more effective policy making and developing a more resilient, sustainable economy. The Strategic Economic Development Division is responsible for enhancing analysis and understanding of such matters which will include, in the first instance, Housing Policy and Climate Action including Sustainable Finance. Attention to these issues is in line with the Department's objective of promoting environmentally sustainable and well balanced economic progress.

This Statement of Strategy will be delivered by the staff of the Department, who remain central to everything we achieve. Over the Strategy's horizon, we will continue to develop the skills- and knowledge-bases of our staff, to help all of our team achieve their potential as public servants working for the interests of our society.

John Hogan
Secretary General

Our Mission, Strategic Goals and Values

Our Mission

To lead in the achievement of the Government's economic, fiscal and financial policy goals, having regard to the commitments set out in the Programme for Government - *Our Shared Future.*

Our Strategic Goals

In pursuing our Mission, the Department is working for the period 2023-2025 towards achieving the following Strategic Goals:

Goal 1	Balanced, sustainable economic growth
Goal 2	Sound Public Finances
Goal 3	Well regulated, sustainable banking and financial sector
Goal 4	International leadership in economic, fiscal and financial decision making
Goal 5	Promoting environmentally sustainable economic progress

Our Values

We strive to being an inclusive, high performing, knowledge based, professional and learning organisation.

The values of integrity, objectivity, impartiality, openness, accountability, diversity and respect are core to the Department. These shared values drive our behaviours and define the culture that supports the delivery of our strategic goals.

Goals – Actions – Outcomes – Indicators

Strategic Goal 1	**Balanced, sustainable economic recovery**
Actions	• Advise and implement economic policies that promote improved living standards, stability and job creation • In embedding our Public Sector Duty obligations, continue to develop the process of budget and policy proofing as a means of advancing equality, reducing poverty and strengthening economic and social rights
Outcomes	• Balanced and sustainable pace of economic growth that contributes to social inclusion • Reduction in the level of public and private sector indebtedness
Performance Indicators	• Increase in real income per capita, distribution of income and other metrics of sustainable Irish wellbeing. • Improved labour market performance • Improved living standards
Strategic Goal 2	**Sound public finances**
Actions	• Build fiscal buffers that make provision for long-term budgetary challenges, such as the cost of an ageing population and climate transition • Monitor and advise on emerging trends and risks • Implement budgetary policy in compliance with European and domestic fiscal rules, EU semester process, EU Economic Governance requirements • Advise and implement appropriate taxation policies which provide the resources required for Government programmes, taking account of the Programme for Government and consideration of the recommendations of the Commission for Taxation and Welfare
Outcomes	• Trajectory towards a balanced budget once allowance is made for the economic cycle and windfall corporation tax receipts • Sustainable, growth-friendly, efficient and equitable tax system which meets Ireland's policy needs • Enhanced international tax reputation including corporate taxation • A supportive taxation system for the environment, enterprise and employment • Maintain market access on favourable terms
Performance Indicators	• The raising of sufficient revenue to enable the Exchequer to fund the Government's response to the housing, health and other needs of the people of Ireland and to reduce the national debt. • Tax yields • Sustainable revenue and expenditure levels • Minimum cost of financing public debt
Strategic Goal 3	**Well regulated, sustainable banking and financial sector**
Actions	• Continue to oversee policy development, including implementation of the Banking Review, that ensures that our banking and financial services sectors, including credit unions, are well regulated and fit for purpose so as to support domestic economic activity as well as those more externally focused sectors

	• Careful management and, when appropriate, disposal of the State's bank holdings while ensuring that NAMA continues to fulfil its strategic objectives and completes its phased and orderly wind down by end December 2025 • Minister of State will take a lead role in the Government's international financial services agenda, as well as having a particular emphasis in relation to Credit Union and insurance sectors. • Lead on the review of the Funds Sector and bring forward a report to the Minister for Finance by Summer 2024.
Outcomes	• A competitive and resilient domestic and international banking, insurance and financial services sector that meets the needs of consumers and businesses • A resilient funds sector that positions Ireland well to play an important role in the development of the EU capital markets. • Availability of sustainable credit union, bank and non-bank funding sources to extend recovery into the domestic economy and to respond to the needs of a changing economy
Performance Indicators	• Sustainable levels of personal, mortgage and business debt and levels of credit funding available to households and viable small and medium sized businesses • Best return on our investment from the banking sector and assets • External and internal investment into the Irish financial services sector
Strategic Goal 4	**International leadership in economic decision making**
Actions	• Develop and implement strategies at EU/Euro area level and internationally in relation to economic, fiscal and financial policy formulation • Promote Ireland's economic and financial policy interests at EU and international fora • Maximise Ireland's engagement with International Financial Institutions • Support for the Minister for Finance at Eurogroup, Ecofin and other international fora as well as supporting the Minister for Public Expenditure, NDP Delivery and Reform in his role as President of Eurogroup
Outcomes	• Protecting and advancing Ireland's position in the EU and internationally • Continued development of Ireland as a location of choice for investment for international foreign financial services firms • Effective management of Ireland's relationship with, and shareholding in European and International Financial Institutions • Lead cross-Departmental and cross-Agency International Financial Services Strategy efforts
Performance Indicators	• Constructive engagement at relevant EU and international fora • Attraction of Ireland for international financial services businesses
Strategic Goal 5	**Promoting environmentally sustainable economic progress**
Actions	• Development and promotion of economic, fiscal and financial policy advice in support of the Government's policy on Climate Action and Climate Finance • Participate in relevant domestic and international work streams to advance consideration of the economic, fiscal and financial aspects of Climate Action • Develop and enhance Ireland's sustainable financial services policy
Outcomes	• Effective input of economic, fiscal and financial policy advice for the Government's Climate Action agenda at national and international levels in line with the domestic and international climate legislation • Ongoing growth of sustainable financial services and sustainable economic activities in the context of EU and international policy developments
Performance Measures	• Constructive engagement at domestic and international level

	• Commitment to Ireland's National Implementation Plan which implements the UN Sustainable Development Goals* • Alignment of sustainable financial services sector with the Ireland for Finance Strategy and EU/international policy developments

* This Statement of Strategy is informed and guided by the Department's commitment to Ireland's National Implementation Plan which implements the UN Sustainable Development Goals (SDGs). A more detailed outline of the Department's SDG responsibilities are outlined at *https://www.gov.ie/en/publication/032fa-sustainable- development-goals/*

Key challenges and opportunities in our operating environment

The Department's strategy for the next three years is framed against the backdrop of heightened economic uncertainty. Recovery from the pandemic has been tempered by the energy price shock triggered by the outbreak of war in Ukraine and more recently by the impacts of rising interest rates in advanced economies. Addressing the ongoing macroeconomic, fiscal, financial, international and climate sector fallout from the recent period of heightened uncertainty will shape the Department's work for the foreseeable future.

Having regard to the *Programme for Government* commitments, we will continue to deliver on existing policy challenges, which include ensuring the pursuit of an overall sound macroeconomic and fiscal policy stance, dealing with the legacy of the financial crisis, managing the State's banking shareholdings as well as shaping future banking and financial services policy so as to best suit a modern vibrant economy that supports innovation and sustainability.

The Department has a significant role in EU and international matters. Officials from the Department articulate and represent Ireland's economic, fiscal and financial interests abroad, including through outreach and alliance-building efforts. Their work is enhanced by the work of the Department's staff located abroad in various bilateral arrangements, embassies and certain international institutions that Ireland participates in.

The economy of Ireland is open and interwoven into transnational value chains. Operating in a global and interdependent economy means shocks can be transmitted rapidly, and policy must remain agile and adapt to developments outside of our economy – as was required during the pandemic and energy price shock.

There is also potential for further rapid changes to the economic structure in the coming years; not least from adaptation related to climate targets, changes to how multinational corporations are taxed, and spillovers to the global economy from geopolitical tensions. Against this backdrop, it is quite likely that, at the end of this Strategy horizon, our economy could be in a very different place than now and facing new additional challenges.

The Department of Finance will continue to work within the whole-of-Government structures to help navigate through periods of future change. We will continue to highlight the importance of boosting supply – of housing, publically-provided healthcare, public infrastructure – in a fiscally-sustainable manner, in order to best-position our economy to meet these and other challenges. At the same time, we will work with our colleagues in the European Union and elsewhere to promote multilateralism, and play our part in promoting Ireland's economic, fiscal and financial interests.

We are also conscious of pre-existing challenges and opportunities. Our population is ageing and putting pressure on the public finances; we must play our part in facilitating the transition to a carbon-neutral economy; the increasing digitalisation of the global economy is raising crucial issues in terms of future ways of how we work and may well have implications for our tax base; challenges to multilateralism; competition for mobile direct investment is increasing.

As we manage the continued response to recent challenges, the Department will work to sustain the enhanced culture of innovation that has gained momentum from recent challenges, while continuing to enhance and promote good corporate governance. Finally, we will continue to play the leadership role that we play within the government system on a range of policy issues that fall within our mandate and we will also assist and offer guidance where we can on policy issues that are being led by other Departments and agencies as deemed appropriate.

Tithe an Rialtas. Sráid Mhuirfean Uacht,
Baile Átha Cliath 2, D02 R583, Éire
Government Buildings, Upper Merrion Street,
Dublin 2, D02 R583, Ireland

T:+353 1 676 7571
@IRLDeptFinance
www.gov.ie/finance

An Roinn Airgeadais
Department of Finance

Ráiteas Straitéise
2023-2025

An Roinn Airgeadais
Ráiteas Straitéise 2023-2025

Teachtaireacht ón Aire

Bhuail sraith suaití eacnamaíocha Éire le blianta beaga anuas: imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach; paindéim dhá bhliain; agus cogadh ar ithir na hEorpa as ar tháinig an suaitheadh is déine ar phraghsanna fuinnimh le fada.

Chruthaigh iarmhairtí na n-eachtraí sin réabadh suntasach geopholaitiúil, chuir siad brú ar ioncaim theaghlaigh agus chuir siad crua ar a lán gnólachtaí.

D'imir an Roinn seo ról lárnach maidir leis an bhfreagairt beartais phoiblí do na dúshláin sin a threorú, agus í ag rannchuidiú le bearta a dhearadh agus a chur chun feidhme chun maolú a dhéanamh ar an tionchar ar an ngeilleagar agus ar chaighdeán maireachtála daoine. I mBuiséad 2023, agus tríd an bpacáiste a fógraíodh níos luaithe i mbliana, rinneamar bearta tráthúla spriocdhírithe chun cúnamh a raibh géarghá leis a thabhairt do theaghlaigh agus do ghnólachtaí.

Leis an riail caiteachais a glacadh sa bhliain 2021, ailínítear an ráta fáis i nglanchaiteachas le ráta treochtfháis an gheilleagair. Éascaíonn sé sin feabhsuithe seasta i seirbhísí poiblí agus coinníonn sé an cóimheas idir fiachas agus ioncam ar chonair anuas ag an am céanna. I gcás Bhuiséad 2024, breithneofar an beartas fioscach cuí mar chuid de Ráiteas Geilleagair an tSamhraidh.

Tháinig méadú suntasach ar fhiachas poiblí le linn na paindéime, ar lena linn a úsáideadh acmhainní an Stáit chun an tír a chosaint ar na himthosca gan fasach a bhí i réim. Ceann amháin de na príomhthosaíochtaí anois is ea ár maoláin fhioscacha a atógáil, á chinntiú go mbeimid sa riocht is fearr is féidir chun déileáil le dúshláin fhioscacha na todhchaí, amhail riachtanais phinsin agus an t-athrú aeráide. Maidir leis sin, d'aistríomar €6 billiún chuig an g*Cúlchiste Náisiúnta* cheana féin agus d'fhoilsíomar plépháipéar dar teideal *An tAirgeadas Poiblí a Dhéanamh Slán i bhfad na hAimsire – Na Chéad Chéimeanna Eile* le déanaí. Leagfaidh mé tuilleadh tograí faoi bhráid an Rialtais ar an ní sin sa tréimhse atá romhainn.

Cuireadh rialacha fioscacha an Aontais Eorpaigh ar fionraí go sealadach thar na trí bliana seo a chuaigh thart. I mí Aibreáin, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach tograí chun fás inbhuanaithe cuimsitheach a neartú agus a chur chun cinn. Fáiltíonn Éire roimh an bhforbairt sin, agus leanfaidh sí le hobair go dearfach chun a chinntiú go gcuirfidh gach Ballstát beartais bhuiséadacha atá dírithe ar chobhsaíocht chun feidhme ionas nach gcuirfear an t-airgeadra aonair i mbaol.

Is dóigh go mbeidh an tréimhse seo ina tréimhse ríthábhachtach don bheartas cánachais idirnáisiúnta. A luaithe a thabharfar Comhaontú na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) chun críche, tosófar ar reachtaíocht a rith do na rialacha nua agus ar na rialacha sin a chur chun feidhme. Thángthas ar chomhaontú polaitiúil ar an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Cáin Íosta, agus tabharfaidh mé reachtaíocht ar aghaidh chun na rialacha nua sin a chur i bhfeidhm trí Bhille Airgeadais san fhómhar.

Tá pleananna mionsonraithe i bhfeidhm againn ar fud an Rialtais chun dul i ngleic leis na dúshláin tithíochta, sláinte agus aeráide atá roimh Éirinn. Beidh freagairt uile-Rialtais ag teastáil chun na tosaíochtaí sin a chomhlíonadh, agus leagtar amach sa *Ráiteas Straitéise 2023-2025* ón Roinn Airgeadais an creat le haghaidh conas a rannchuideoimid leis na cuspóirí beartais sin a bhaint amach agus le misin thábhachtacha eile a chur i gcrích.

Táim ag tnúth le leanúint le hobair i gcomhar le Jennifer Carroll MacNeill, an tAire Stáit, leis na hoifigigh sa Roinn seo, ag obair dóibh faoi stiúir ag John Hogan, Ard-Rúnaí, agus le raon leathan geallsealbhóirí chun dul chun cinn sóisialta agus eacnamaíoch ár dtíre a chur ar aghaidh sna blianta atá romhainn.

Michael McGrath TD
Aire Airgeadais

Brollach ón Ard-Rúnaí

Is é misean na Roinne Airgeadais comhlíonadh spriocanna beartais eacnamaíoch, fhioscaigh agus airgeadais an Rialtais a threorú, agus aird á tabhairt ar na spriocanna atá leagtha amach sa doiciméad dar teideal *Clár an Rialtais - Ár dTodhchaí Chomhroinnte*.

Leagtar amach sa *Ráiteas Straitéise 2023-2025* an creat ar laistigh de a thabharfaidh an Roinn comhairle ar bheartais Rialtais, agus a dhéanfaidh sí na beartais sin a dhearadh agus a chur chun feidhme, chun tacú le dul chun cinn eacnamaíoch agus a chinnteoidh sí inbhuanaitheacht fhioscach sna blianta atá romhainn.

Chonacthas sa chúpla bliain seo a chuaigh thart an dóigh ar féidir suaití a tharchur go tapa ar fud tíortha i ngeilleagar domhandaithe. Cuireann sé sin préimh ar an ngá atá ann le bheith solúbtha – an gá le comhairle a thabhairt ar bheartais, agus le beartais a chalabrú, thar ceann an Rialtais ar bhealach tapa, agus an méid sin a dhéanamh bunaithe ar fhaisnéis neamhfhoirfe go minic. Creidim go ndearnamar sa Roinn seo gaisce le linn dúinn dul i ngleic leis an dúshlán sin le linn na paindéime agus, rud ba dhéanaí fós, le linn dúinn déileáil le tionchair an chogaidh san Eoraip agus leis an difear a rinne sé do phraghsanna fuinnimh.

Tá sé fíor freisin, áfach, gur dóigh go leanfaidh athruithe le teacht chun cinn go tapa:

- tháinig méadú soiléir ar theannais gheopholaitiúla, agus iarmhairtí acu don gheilleagar domhanda;
- bíonn an pláinéad ag téamh agus is cinnte go mbeidh athrú eolaíoch dochúlaithe ann mura n-athraímid ár struchtúir eacnamaíocha;
- bíonn tíortha ag obair le chéile chun athrú a dhéanamh ar an dóigh a ngearrtar cáin ar chorparáidí ilnáisiúnta;
- mar thoradh ar athruithe beartais, tá costais iasachtaíochta ar an leibhéal is airde le beagnach deich mbliana anuas

In aghaidh an chúlra sin, tá seans an-mhaith ann go mbeidh cuma an-difriúil ar ár ngeilleagar faoi dheireadh thréimhse feidhme na Straitéise seo. I gcomhar le mo chomhghleacaithe sa Roinn, leanfaidh mé orm ag obair laistigh de na struchtúir uile-Rialtais chun cabhrú leis an ngeilleagar na blianta atá romhainn a shárú, ar blianta iad a d'fhéadfadh a bheith corrach. Leanfaimid le haird a tharraingt ar a thábhachtaí atá sé borradh a chur faoin soláthar – an soláthar tithíochta, an soláthar cúram sláinte a chistítear go poiblí, an soláthar bonneagair phoiblí – agus an méid sin a dhéanamh ar bhealach atá inbhuanaithe ón taobh fioscach de chun cur ar chumas ár ngeilleagair na dúshláin sin agus dúshláin eile a shárú. Ag an am céanna, leanfaimid orainn ag obair i gcomhar lenár gcomhghleacaithe san Aontas Eorpach agus in áiteanna eile chun an t-iltaobhachas a chur chun cinn agus chun ár sciar féin a dhéanamh maidir le leasanna eacnamaíocha, fioscacha agus airgeadais na hÉireann a chur chun cinn.

Sa bhliain 2022, bhunaigh an Roinn rannán nua go sonrach chun breithniú a dhéanamh ar roinnt de na saincheisteanna fadtéarmacha atá roimh gheilleagar na hÉireann. Tá sláinte an gheilleagair ag brath ar raon tosca. Ní thagann ach roinnt de na tosca sin faoi raon feidhme lucht déanta beartas na hÉireann. Trí thuiscint níos fearr a ghnóthú ar na saincheisteanna sin, cabhrófar le ceapadh beartais níos éifeachtaí agus forbrófar geilleagar níos athléimní agus níos inbhuanaithe. Tá an Rannán um Fhorbairt Straitéiseach Gheilleagrach freagrach as feabhas a chur ar an anailís agus an tuiscint ar nithe forbartha geilleagraí. Áireofar leo sin ar an gcéad ásc an Beartas Tithíochta agus Gníomhú ar son na hAeráide, Maoiniú Inbhuanaithe san áireamh. Tá an aird a thugtar ar

na saincheisteanna sin ag teacht leis an gcuspóir atá ag an Roinn dul chun cinn eacnamaíoch atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá dea-chothromaithe a chur chun cinn.

Is iad baill foirne na Roinne a sholáthrófar an Ráiteas Straitéise seo, agus iad fós ina gcuid lárnach de gach a mbainimid amach. Thar thréimhse feidhme na Straitéise seo, leanfaimid le bonn scileanna agus bonn eolais ár mball foirne a fhorbairt chun cabhrú leo go léir barr a gcumais a bhaint amach mar sheirbhísigh phoiblí a oibríonn chun leas ár sochaí.

John Hogan
Ard-Rúnaí

Ár Misean, ár Spriocanna Straitéiseacha agus ár Luachanna

Ár Misean

Comhlíonadh spriocanna beartais eacnamaíoch, fhioscaigh agus airgeadais an Rialtais a threorú, agus aird á tabhairt ar na gealltanais atá leagtha amach sa doiciméad dar teideal Clár an Rialtais - *Ár dTodhchaí Chomhroinnte*.

Ár Spriocanna Straitéiseacha

Agus ár Misean á shaothrú againn, oibreoidh an Roinn sa tréimhse 2023-2025 i dtreo na Spriocanna Straitéiseacha seo a leanas a chomhlíonadh:

Sprioc 1	Fás eacnamaíoch atá cothromaithe agus inbhuanaithe
Sprioc 2	Airgeadas poiblí fónta
Sprioc 3	Earnáil baincéireachta agus airgeadais atá dea-rialáilte agus inbhuanaithe
Sprioc 4	Ceannaireacht idirnáisiúnta i gcinnteoireacht eacnamaíoch, fhioscach agus airgeadais
Sprioc 5	Dul chun cinn eacnamaíoch atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn

Ár Luachanna

Féachaimid lena bheith inár n-eagraíocht chuimsitheach, ardfheidhmíochta, eolasbhunaithe, ghairmiúil agus foghlama.

Croíluachanna na Roinne is ea ionracas, oibiachtúlacht, neamhchlaontacht, oscailteacht, cuntasacht, éagsúlacht agus meas. Is iad na luachanna comhroinnte sin a bhrúnn ár n-iompraíocht chun cinn agus atá mar shaintréith ag an gcultúr a thacaíonn lenár spriocanna straitéiseacha a chomhlíonadh.

Spriocanna – Gníomhartha – Torthaí – Táscairí

Sprioc Straitéiseach 1	**Téarnamh eacnamaíoch atá cothromaithe agus inbhuanaithe**
Gníomhartha	• Comhairle a thabhairt ar bheartais eacnamaíocha lena gcuirtear feabhas ar chaighdeáin mhaireachtála, ar chobhsaíocht agus ar chruthú post chun cinn agus na beartais sin a chur chun feidhme • Agus ár n-oibleagáidí faoin Dualgas Earnála Poiblí á leabú againn, leanúint leis an bpróiseas um promhadh buiséid agus beartais a fhorbairt mar mhodh chun comhionannas a chur ar aghaidh, chun bochtaineacht a laghdú agus chun cearta eacnamaíocha agus sóisialta a neartú
Torthaí	• Fás eacnamaíoch atá cothromaithe agus a thiteann amach ar luas inbhuanaithe, ar fás é a rannchuidíonn le cuimsiú sóisialta • Laghdú sa leibhéal féichiúnais san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach
Táscairí Feidhmíochta	• Méadú i bhfíorioncam per capita, dáileadh ioncaim, agus méadrachtaí eile a bhaineann le folláine inbhuanaithe in Éirinn. • Feabhas ar fheidhmíocht an mhargaidh saothair • Feabhas ar chaighdeáin mhaireachtála
Sprioc Straitéiseach 2	**Airgeadas poiblí fónta**
Gníomhartha	• Maoláin fhioscacha a thógáil lena ndéantar socrú do dhúshláin bhuiséadacha fhadtéarmacha, amhail an costas a bhaineann le daonra atá ag aosú agus an t-aistriú aeráide • Faireachán a dhéanamh ar threochtaí agus rioscaí atá ag teacht chun cinn agus comhairle a thabhairt orthu • Beartas buiséadach a chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha fioscacha Eorpacha agus intíre, le próiseas seimeastair an Aontais Eorpaigh agus le ceanglais Rialachais Eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh • Comhairle a thabhairt ar bheartais chuí chánachais lena soláthraítear na hacmhainní a theastaíonn do chláir Rialtais, agus na beartais sin a chur chun feidhme agus, mar chuid den obair sin, aird a thabhairt ar Chlár an Rialtais agus breithniú a dhéanamh ar na moltaí ón gCoimisiún um Chánachas agus Leas
Torthaí	• Conair i dtreo buiséad comhardaithe, a luaithe a dhéanfar lamháltas don timthriall eacnamaíoch agus d'fháltais ó cháin chorparáide amhantair • Córas cánach atá inbhuanaithe, éifeachtúil agus cothromasach, lena n-éascaítear fás agus lena bhfreastalaítear ar riachtanais bheartais na hÉireann • Feabhas ar an gcáil chánach atá orainn ar an leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear i ndáil le cánachas corparáide • Córas cánachais lena dtacaítear leis an gcomhshaol, leis an bhfiontraíocht agus leis an bhfostaíocht • Rochtain ar an margadh a chothabháil ar théarmaí fabhracha
Táscairí Feidhmíochta	• Cruinnítear ioncam dóthanach chun cur ar chumas an Státchiste freagairt an Rialtais do riachtanais tithíochta, riachtanais sláinte agus riachtanais eile mhuintir na hÉireann a chistiú agus an fiachas náisiúnta a laghdú • Torthaí cánach • Leibhéil inbhuanaithe ioncaim agus chaiteachais • An costas is lú is féidir ar fhiachas poiblí a mhaoiniú

Sprioc Straitéiseach 3	Earnáil baincéireachta agus airgeadais atá dea-rialáilte agus inbhuanaithe
Gníomhartha	• Leanúint le formhaoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt beartais, lena n-áirítear an tAthbhreithniú Baincéireachta a chur chun feidhme, ar bhealach a gcinntíonn go bhfuil ár n-earnálacha baincéireachta agus seirbhísí airgeadais, lena n-áirítear comhair chreidmheasa, dea-rialáilte agus oiriúnach don fheidhm chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch intíre, mar aon leis na hearnálacha sin a bhfuil mórdhíriú seachtrach acu • Sealúchais bhainc an Stáit a bhainistiú go cúramach agus, nuair is cuí, iad a dhiúscairt, á chinntiú ag an am céanna go leanfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní lena cuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh agus go gcríochnóidh sí a foirceannadh céimnithe rianúil faoi dheireadh mhí na Nollag 2025 • An tAire Stáit a bheith ag glacadh ról lárnach i gclár oibre seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta an Rialtais, agus béim ar leith á cur ar an gclár oibre i ndáil leis na hearnálacha Comhar Creidmheasa agus árachais. • An t-athbhreithniú ar an Earnáil Cistí a threorú agus tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais faoi Shamhradh na bliana 2024.
Torthaí	• Earnáil baincéireachta, árachais agus seirbhísí airgeadais intíre agus idirnáisiúnta atá iomaíoch agus athléimneach agus a fhreastalaíonn ar na riachtanais atá ag tomhaltóirí agus ag gnólachtaí • Earnáil athléimneach cistí a chuireann ar chumas na hÉireann ról tábhachtach a imirt maidir le margaí caipitil an Aontais Eorpaigh a fhorbairt. • An fháil ar fhoinsí inbhuanaithe comhair creidmheasa, bainc agus neamhbhainc chun téarnamh a leathnú chuig an ngeilleagar intíre agus chun freagairt do na riachtanais atá ag geilleagar atá ag athrú
Táscairí Feidhmíochta	• Leibhéil inbhuanaithe fiachais phearsanta, fiachais morgáiste agus fiachais gnó agus leibhéil inbhuanaithe chistiúcháin creidmheasa a bheith ar fáil do theaghlaigh agus do ghnólachtaí inmharthana beaga agus meánmhéide • An toradh is fearr ar ár n-infheistíocht ón earnáil baincéireachta agus ó shócmhainní • Infheistíocht sheachtrach agus inmheánach in earnáil seirbhísí airgeadais na hÉireann
Sprioc Straitéiseach 4	**Ceannaireacht idirnáisiúnta i gcinnteoireacht eacnamaíoch**
Gníomhartha	• Straitéisí a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais Eorpaigh/ar leibhéal limistéar an euro agus ar an leibhéal idirnáisiúnta i ndáil le beartais eacnamaíocha, fhioscacha agus airgeadais a cheapadh • Leasanna beartais eacnamaíoch agus airgeadais na hÉireann a chur chun cinn ag fóraim an Aontais Eorpaigh agus ag fóraim idirnáisiúnta • Uasmhéadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na hÉireann le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta • Tacaíocht a thabhairt don Aire Airgeadais ag an nGrúpa Euro, ag Ecofin agus ag fóraim idirnáisiúnta eile, mar aon le tacaíocht a thabhairt don Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe sa ról atá aige mar Uachtarán ar an nGrúpa Euro
Torthaí	• Seasamh na hÉireann san Aontas Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta a bheith á chosaint agus á chur ar aghaidh • Éire a bheith á forbairt mar láthair tharraingteach infheistíochta do ghnólachtaí eachtracha seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta • Bainistiú éifeachtach ar chaidreamh na hÉireann le hInstitiúidí Airgeadais Idirnáisiúnta agus Eorpacha agus ar a scairsheilbh sna hInstitiúidí sin

	• Bheith ar thús cadhnaíochta iarrachtaí tras-Rannacha agus tras-Ghníomhaireachta i leith na Straitéise um Sheirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta
Táscairí Feidhmíochta	• Rannpháirtíocht chuiditheach ag fóraim ábhartha de chuid an Aontais Eorpaigh agus ag fóraim ábhartha idirnáisiúnta • Éire a bheith tarraingteach do ghnólachtaí seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta
Sprioc Straitéiseach 5	**Dul chun cinn eacnamaíoch atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn**
Gníomhartha	• Comhairle beartais eacnamaíoch, fhioscaigh agus airgeadais a fhorbairt agus a chur chun cinn chun tacú le beartas an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Maoiniú don Aeráid • Páirt a ghlacadh i sruthanna oibre ábhartha intíre agus idirnáisiúnta chun an breithniú a dhéantar ar na gnéithe eacnamaíocha, fioscacha agus airgeadais de Ghníomhú ar son na hAeráide a chur ar aghaidh • Beartas seirbhísí airgeadais inbhuanaithe na hÉireann a fhorbairt agus a fheabhsú
Torthaí	• Ionchur éifeachtach comhairle beartais eacnamaíoch, fhioscaigh agus airgeadais do chlár oibre an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta ar aon dul leis an reachtaíocht aeráide intíre agus idirnáisiúnta • Fás leanúnach ar sheirbhísí airgeadais inbhuanaithe agus ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha inbhuanaithe i gcomhthéacs forbairtí beartais ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal idirnáisiúnta
Tomhais Feidhmíochta	• Rannpháirtíocht chuiditheach ar an leibhéal intíre agus ar an leibhéal idirnáisiúnta • Tiomantas do Phlean Cur Chun Feidhme Náisiúnta na hÉireann, rud lena gcuirtear Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe* chun feidhme • An earnáil seirbhísí airgeadais inbhuanaithe a bheith ailínithe leis an Straitéis 'Éire d'Airgeadas' agus le forbairtí beartais ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal idirnáisiúnta

* Tá an Ráiteas Straitéise seo bunaithe ar an tiomantas atá ag an Roinn do Phlean Cur Chun Feidhme Náisiúnta na hÉireann, rud lena gcuirtear Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe chun feidhme. Tá breac-chuntas níos mine ar fhreagrachtaí na Roinne i leith na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe tugtha ag *https://www.gov.ie/en/publication/032fa-sustainable-development-goals/*

Príomhdhúshláin agus príomhdheiseanna inár dtimpeallacht oibriúcháin

Agus straitéis na Roinne do na trí bliana romhainn á hullmhú, tá éiginnteacht eacnamaíoch mhéadaithe ag dul ar aghaidh sa chúlra. Tá an téarnamh ón bpaindéim thíos leis an méadú mór i bpraghsanna fuinnimh a d'eascair as briseadh amach an chogaidh san Úcráin agus, rud ba dhéanaí fós, leis an tionchar atá á imirt ag rátaí méadaitheacha úis sna hardgheilleagair. Cuid lárnach d'obair na Roinne go ceann i bhfad a bheidh in aghaidh a thabhairt ar na drochiarmhairtí leanúnacha atá ag an éiginnteacht mhéadaithe le déanaí ar an earnáil mhaicreacnamaíoch, ar an earnáil fhioscach, ar an earnáil airgeadais, ar an earnáil idirnáisiúnta agus ar an earnáil aeráide.

Agus aird á tabhairt ar ghealltanais *Chlár an Rialtais*, leanfaimid le dea-thorthaí a bhaint amach agus muid ag déileáil le dúshláin bheartais atá ann cheana, lena n-áirítear a chinntiú go saothrófar seasamh fónta ar an iomlán i ndáil leis an mbeartas maicreacnamaíoch agus fioscach, déileáil le leagáid na géarchéime airgeadais, scairshealbha baincéireachta an Stáit a bhainistiú agus beartas seirbhísí baincéireachta agus airgeadais sa todhchaí a mhúnlú chun oiriúint ar an dóigh is fearr do gheilleagar beoga nua-aimseartha ina dtacaítear le nuálaíocht agus le hinbhuanaitheacht.

Tá ról suntasach ag an Roinn i nithe Aontais Eorpaigh agus i nithe idirnáisiúnta. Déanann oifigigh ón Roinn ionadaíocht thar lear do leasanna eacnamaíocha, fioscacha agus airgeadais na hÉireann agus cuireann siad na leasanna sin in iúl ansin, lena n-áirítear trí iarrachtaí for-rochtana agus trí iarrachtaí forbartha comhghuaillíochtaí. Breisítear a gcuid oibre le hobair na mball foirne de chuid na Roinne atá lonnaithe thar lear i socruithe déthaobhacha éagsúla, in ambasáidí agus in institiúidí idirnáisiúnta áirithe a nglacann Éire páirt iontu.

Tá geilleagar na hÉireann ar oscailt agus fite fuaite i slabhraí luacha trasnáisiúnta. Fágann oibriú i ngeilleagar domhanda idirspleách gur féidir suaití a tharchur go tapa, agus ní mór an beartas a bheith sofhreagrúil agus dul in oiriúint d'fhorbairtí lasmuigh dár ngeilleagar – faoi mar a bhí riachtanach le linn na paindéime agus le linn an tsuaite ar phraghsanna fuinnimh.

D'fhéadfadh freisin go dtiocfadh athruithe tapa breise ar an struchtúr eacnamaíoch sna blianta atá le teacht, ag teacht sna sála go háirithe ar oiriúnú a bhaineann le spriocanna aeráide, ar athruithe sa dóigh a ngearrtar cáin ar chorparáidí ilnáisiúnta, agus ar na hiarmhairtí a bheidh ag an teannas geopholaitiúil ar an ngeilleagar domhanda. In aghaidh an chúlra sin, tá seans an-mhaith ann go mbeidh cuma an-difriúil ar ár ngeilleagar agus go mbeidh dúshláin bhreise nua roimhe faoi dheireadh thréimhse feidhme na Straitéise seo.

Leanfaidh an Roinn Airgeadais le hobair laistigh de na struchtúir uile-Rialtais chun cabhrú linn ár mbealach a dhéanamh trí thréimhsí athruithe sa todhchaí. Leanfaimid le haird a tharraingt ar a thábhachtaí atá sé borradh a chur faoin soláthar – an soláthar tithíochta, an soláthar cúram sláinte a chistítear go poiblí, an soláthar bonneagair phoiblí – agus an méid sin a dhéanamh ar bhealach atá inbhuanaithe ón taobh fioscach de chun cur ar chumas ár ngeilleagair na dúshláin sin agus dúshláin eile a shárú. Ag an am céanna, oibreoimid i gcomhar lenár gcomhghleacaithe san Aontas Eorpach agus in áiteanna eile chun an t-iltaobhachas a chur chun cinn agus chun ár sciar féin a dhéanamh maidir le leasanna eacnamaíocha, fioscacha agus airgeadais na hÉireann a chur chun cinn.

Tá aird againn freisin ar na dúshláin agus na deiseanna atá ann cheana. Bíonn muintir ár dtíre ag aosú, rud a chuireann brú ar an airgeadas poiblí; ní mór dúinn ár gcion féin a dhéanamh san aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de a éascú; tá digitiú méadaitheach an gheilleagair dhomhanda ag cruthú fadhbanna criticiúla maidir leis na dóigheanna a n-oibreoimid sa todhchaí agus tá seans maith ann go bhféadfadh sé impleachtaí a bheith aige dár mbonn cánach; dúshláin i leith an iltaobhachais; agus tá ag méadú ar an iomaíocht le haghaidh infheistíocht dhíreach mhóibíleach.

De réir mar a bhainistímid an fhreagairt leantach do dhúshláin le déanaí, oibreoidh an Roinn chun an cultúr breisithe nuálaíochta atá ag teacht chun cinn de bharr dúshláin le déanaí a chothú, agus í ag leanúint le dea-rialachas corparáideach a bhreisiú agus a chur chun cinn ag an am céanna. Ag an deireadh ar fad, leanfaimid leis an ról ceannaireachta a imrímid laistigh den chóras rialtais ar raon saincheisteanna beartais a thagann faoinár sainordú a imirt agus tabharfaimid cabhair agus tairgfimid treoir, nuair is féidir linn, maidir le saincheisteanna beartais atá á dtreorú ag Ranna agus gníomhaireachtaí eile de réir mar a mheastar go bhfuil sé cuí déanamh amhlaidh.

Tithe an Rialtas. Sráid Mhuirfean Uacht.,
Baile Átha Cliath 2, D02 R583, Éire
Government Buildings, Upper Merrion Street,
Dublin 2, D02 R583, Ireland

T.: +353 1 676 7571
@IRLDeptFinance
www.gov.ie/finance